C/2026/5428

21.10.2026

Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún

an 16 Iúil 2026

maidir le cinneadh de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/1925

(Cás DMA.100220 – Alphabet – OS – Google Android – Art. 6(7) – SP - AI)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2026) 5094 final)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2026/5428)

An 16 Iúil 2026, ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1]*. I gcomhréir le forálacha Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2022/1925, foilsíonn an Coimisiún leis seo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, ag féachaint do leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint.*

1. **RÉAMHRÁ**

(1) An 5 Meán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún cinneadh lenar ainmníodh Alphabet Inc. ('Alphabet') mar gheatóir faoin nGníomh um Margaí Digiteacha le haghaidh roinnt dá sheirbhísí. Tá córas oibriúcháin Google Android ('Google Android'), a liostaítear mar chroísheirbhís ardáin, ar cheann de na seirbhísí sin. Mar thoradh air sin, ní mór do Alphabet na hoibleagáidí a leagtar amach sa Ghníomh um Margaí Digiteacha a chomhlíonadh i ndáil le Google Android. Áirítear leis sin Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, lena bhforchuirtear oibleagáid ar Alphabet idir-inoibritheacht a sholáthar do thríú páirtithe, saor in aisce, atá chomh héifeachtach céanna leis na gnéithe céanna de Google Android agus atá ar fáil do Alphabet féin nó na gnéithe a úsáideann sé.

(2) Leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo ('an Cinneadh'), tugtar i gcrích, laistigh den teorainn ama a leagtar síos leis an nGníomh um Margaí Digiteacha, na himeachtaí sonraíochta a tionscnaíodh an 27 Eanáir 2026 de bhun Airteagal 8(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha agus sonraítear ann na bearta nach mór do Alphabet a chur chun feidhme i ndáil le Google Android chun a oibleagáidí faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha a chomhlíonadh go héifeachtach.

(3) Leanann an Cinneadh seo próiseas struchtúrtha 6 mhí, lena n-áirítear plé fairsing le Alphabet agus comhairliúchán poiblí chun ionchur a bhailiú ó pháirtithe leasmhara ábhartha.

(4) Ar bhonn na malartuithe a rinne an Coimisiún le Alphabet agus le tríú páirtithe, shainaithin sé roinnt gnéithe de Google Android a raibh gá leo chun go mbeadh tríú páirtithe in ann seirbhísí IS a sholáthar agus ar ghá feabhas a chur ar a n-idir-inoibritheacht chun Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha a chomhlíonadh go héifeachtach. Tar éis measúnú a dhéanamh ar an gcorpas foriomlán fianaise, lena n-áirítear ionchur Alphabet agus tríú páirtithe, forchuirtear leis an gCinneadh bearta nach mór do Alphabet a chur chun feidhme faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha chun idir-inoibritheacht éifeachtach leis na gnéithe sin de Google Android a áirithiú. Ar an gcaoi sin, soiléirítear sa Chinneadh oibleagáidí Alphabet faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha maidir leis na gnéithe sin.

2. **NÓS IMEACHTA**

(5) Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2023 ann, tá idirphlé rialála fairsing ar siúl ag an gCoimisiún le Alphabet maidir le comhlíontacht Alphabet le hAirteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, cuir i gcás go leor cruinnithe teicniúla agus iarrataí ar fhaisnéis chun plé sonrach a dhéanamh ar a chur chuige maidir le seirbhísí IS ar Google Android.

(6) An 27 Eanáir 2026, thionscain an Coimisiún imeachtaí de bhun Airteagal 20(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha d'fhonn bearta a shonrú, ar bearta iad nach mór do Alphabet a chur chun feidhme chun a oibleagáidí idir-inoibritheachta a chomhlíonadh go héifeachtach i ndáil le tacar gnéithe de Google Android atá ar fáil do Alphabet nó a úsáideann Alphabet chun seirbhísí IS a thairiscint. Ó tionscnaíodh na himeachtaí, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go forleathan le Alphabet agus le tríú páirtithe araon, lena n-áirítear trí chruinnithe agus iarrataí iomadúla ar fhaisnéis.

[1] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1925/oj).

(7) An 27 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún a réamhthorthaí in iúl do Alphabet i gcomhréir le hAirteagail 8(5) agus 34(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha (na 'Réamhthorthaí'), rud a thug deis do Alphabet barúil a thabhairt ar na torthaí agus ar na bearta atá beartaithe.

(8) An thráth céanna, d'fhoilsigh an Coimisiún na bearta atá beartaithe agus achoimre neamhrúnda ar an gcás chun é a chur ar a gcumas do thríú páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt. Fuair an Coimisiún 53 aighneacht i gcomhthéacs an chomhairliúcháin phoiblí, lena n-áirítear ó úsáideoirí gnó, úsáideoirí deiridh agus monaróirí gaireas. Roinneadh na haighneachtaí sin le Alphabet.

(9) An 26 Bealtaine 2026, sholáthair Alphabet a fhreagra ar na Réamhthorthaí tar éis a chearta nós imeachta a fheidhmiú de bhun Airteagail 8(1), 8(2) agus 8(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/814 ([2]) ón gCoimisiún.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 17 agus Airteagal 50(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, chuathas i gcomhairle le Coiste Comhairleach na Margaí Digiteacha agus d'eisigh sé a thuairim dhearfach an 15 Iúil 2026.

3. **CREAT DLÍTHIÚIL**

(11) De bhun Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteach, ceadóidh an geatóir do sholáthraithe seirbhísí agus do sholáthraithe crua-earraí, saor in aisce, idir-inoibritheacht éifeachtach a bheith acu, agus rochtain chun críocha na hidir-inoibritheachta sin, leis na gnéithe crua-earraí agus bogearraí céanna a fhaightear rochtain orthu nó a rialaítear tríd an gcóras oibriúcháin agus a liostaítear sa chinneadh ainmniúcháin de bhun Airteagal 3(9) den Ghníomh um Margaí Digiteach, mar atá ar fáil do sheirbhísí nó do chrua-earraí arna soláthar ag an ngeatóir. Le hAirteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, ceadaítear don gheatóir bearta fíor-riachtanacha comhréireacha a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfidh an idir-inoibritheacht isteach ar shláine an chórais oibriúcháin.

(12) I gcás roinnt de na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Ghníomh um Margaí Digiteacha, agus de bhun Airteagal 8(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do gheatóir, gníomh cur chun feidhme a eisiúint chun bearta a shonrú ar cheart don gheatóir iad a chur chun feidhme chun oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh go héifeachtach. Maidir le hAirteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, tá sé ar cheann de na hoibleagáidí a bhféadfadh sé go ndéanfaí sonrú breise uirthi faoi Airteagal 8(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha.

(13) De bhun Airteagal 8(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, agus na beart atá le cur chun feidhme ag an ngeatóir lena mbaineann chun a oibleagáidí a chomhlíonadh go héifeachtach á sonrú ag an gCoimisiún, áiritheoidh sé go mbeidh na bearta éifeachtach maidir le cuspóirí an Rialacháin sin agus na hoibleagáide ábhartha a bhaint amach, agus go mbeidh siad comhréireach i bhfianaise imthosca sonracha an gheatóra agus na seirbhíse ábhartha.

4. **MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN**

(14) Tá sé ríthábhachtach idir-inoibritheacht éifeachtach a bhaint amach faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha chun inchoimhlinteacht na seirbhísí agus na gcrua-earraí a thairgtear d'úsáideoirí deiridh a ngníomhaíonn Google Android mar thairseach thábhachtach ina leith a áirithiú. Go háirithe, tá rochtain éifeachtach agus chomhionann ar ghnéithe de Google Android fíor-riachtanach chun go mbeidh seirbhísí IS tríú páirtí in ann dul in iomaíocht le seirbhísí Alphabet féin ar bhonn cothrom.

(15) Sonraítear sa Chinneadh bearta i ndáil le tacar tábhachtach gnéithe de Google Android. Is féidir na gnéithe sin a ghrúpáil i gceithre chatagóir: gnéithe gairme, gnéithe comhthéacs, gnéithe comhtháthaithe córas aipeanna agus gaireas, agus rochtain ar ghnéithe acmhainní. Déantar cur síos breise orthu sin thíos.

(16) Leis an gCinneadh, ceadaítear do Alphabet coimircí láidre slándála, príobháideachais agus sláine agus bearta maolaithe riosca a chur chun feidhme freisin. I gcás gnéithe atá thar a bheith íogair, áirítear leis sin cead a thabhairt do Alphabet rochtain ar na gnéithe sin a shrianadh do thríú páirtithe a chomhlíonann critéir incháilitheachta shonracha. Is iad na gnéithe a bhféadfar rochtain a theorannú ina leith ar an mbonn sin (i) rochtain láraithe ar shonraí a stórálann aipeanna ar ghairis, (ii) intleacht atá feasach ar an gcomhthéacs, (iii) comhtháthú struchtúrtha ar ghairis, (iv) uathoibriú scáileáin agus (v) comhtháthú córais.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/814 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2023 ar socruithe mionsonraithe maidir le himeachtaí áirithe a sheoladh ag an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 102, 17.4.2023, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/814/oj).

4.1. **Gnéithe le haghaidh gairme**

(17) Le gnéithe gairme, cuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí cúntóirí IS a ghairm agus a ghníomhachtú, go háirithe trí chnaipí rochtana (e.g. brú dúbailte ar an gcnaipe baile) nó trí orduithe gutha (e.g. 'Hey Assistant' a rá). Sonraítear sa Chinneadh bearta i ndáil leis na gnéithe gairme seo a leanas de Google Android:

(a) Cnaipe baile fadbhrú/barra loingseoireachta: is pointí rochtana ríthábhachtacha iad sin ar gach gaireas Android a chuireann ar a gcumas d'úsáideoirí cúntóirí IS a ghníomhachtú go héasca agus an cumas a thabhairt don aip arna gníomhachtú anailís a dhéanamh ar an gcomhthéacs reatha ar an scáileán agus cúnamh a thabhairt don úsáideoir ar an mbonn sin. Tá sé sin ríthábhachtach, mar shampla, do thascanna atá dírithe ar an aistriúchán agus ar an gcuardach. Ar an gcuid is mó de ghairis Android (nó orthu ar fad), tá na pointí rochtana sin cruashreangaithe isteach i seirbhísí Alphabet faoi láthair. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar Alphabet rochtain a thabhairt do thríú páirtithe ar na pointí iontrála sin agus a chur ar a gcumas d'úsáideoirí pointí rochtana eile a shaincheapadh de réir mar is fearr leo.

(b) Brath focal múscailte síor-reatha: leis an ngné seo, is féidir le húsáideoirí an cúntóir IS a ghníomhachtú trí fhrása sonrach a rá ('Hey Assistant'). Tá rochtain ar an ngné sin forchoimeádta faoi láthair do roinnt aipeanna réamhshuiteáilte (i.e. ní féidir le cúntóirí IS arna suiteáil ag úsáideoirí an ghné a úsáid). Moltar sa Chinneadh réitigh mhalartacha lena gcuirfí ar a gcumas do chúntóirí arna suiteáil ag an úsáideoir rochtain a fháil ar an ngné sin freisin.

4.2. **Gnéithe comhthéacs**

(18) Cuireann comhthéacs ar a gcumas do chúntóirí IS (faoi réir thoiliú an úsáideora) rochtain a fháil ar shonraí comhthéacsúla an úsáideora (e.g. grianghraif, ríomhphoist, teachtaireachtaí, micreafón, etc.) agus iad a úsáid chun eispéireas oibre gníomhaí réamhghníomhach saincheaptha a thairiscint (e.g. aistriúchán beo, uimhreacha áirithinte a thaispeáint nuair a bhíonn seiceáil isteach le haghaidh eitilte ar fáil, etc.). Sonraítear sa Chinneadh bearta i ndáil leis na gnéithe seo a leanas de ghnéithe comhthéacs Google Android:

(a) Rochtain láraithe ar shonraí a stórálann aipeanna ar ghairis: is ionchur fíor-riachtanach iad sonraí a stórálann aipeanna ar ghaireas úsáideora chun go dtuigfidh cúntóirí IS an t-úsáideoir agus chun go soláthróidh sé seirbhísí saincheaptha. Cuireann an ghné sin ar a gcumas do cúntóirí IS (faoi réir thoiliú na haipe ábhartha agus an úsáideora araon) rochtain éifeachtach a fháil ar na sonraí sin agus iad a úsáid. Tá rochtain ar an ngné sin forchoimeádta d'aon chúntóir amháin faoi láthair (an cúntóir réamhshocraithe). Ina theannta sin, úsáideann Alphabet cur chun feidhme comhthreomhar chun sonraí a aipeanna a chomhroinnt lena sheirbhísí féin amháin, lena n-áirítear Gemini. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar Alphabet rochtain ar an ngné ag cúntóirí éagsúla a chumasú i gcomhthráth, agus sonraí ó aipeanna Alphabet a sholáthar do thríú páirtithe nuair a úsáideann Alphabet an ghné sin chun sonraí den sórt sin a chur ar fáil do Gemini.

(b) Intleacht atá feasach ar an gcomhthéacs: cuireann an ghné sin ar a gcumas do chúntóirí IS eispéiris chliste leanúnacha atá feasach ar an gcomhthéacs a thairiscint atá saincheaptha do gach úsáideoir agus a fheabhsaíonn eispéireas úsáideoirí ar an ngaireas – mar shampla trína riachtanais a thuar agus gníomhaíochtaí a mholadh go réamhghníomhach nó faisnéis a thabhairt gan gá don úsáideoir í a iarraidh. Braitheann an ghné sin ar bhloic thógála (feidhmiúlachtaí) éagsúla ar féidir le cúntóirí IS iad a chomhcheangal chun seirbhísí éagsúla a thógáil, rud a fhágann gur veicteoir tábhachtach don nuálaíocht í. Áirítear ar na bloic thógála sin, mar shampla, rochtain ar shonraí atá stóráilte ar an ngaireas agus rochtain ar acmhainní próiseála an ghléis. Níl rochtain ach ag monaróirí gaireas agus Alphabet féin ar an ngné sin faoi láthair. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar Alphabet rochtain atá chomh héifeachtach céanna a chur ar fáil do thríú páirtithe.

(c) Sonraí comhthimpeallacha: cuireann an ghné sin ar a gcumas do chúntóirí IS an sreabhadh leanúnach faisnéise a bhailíonn agus a sheolann gaireas amach (cuir i gcás tríd an micreafón, an ceamara, na callairí, etc.) a úsáid chun eispéiris atá saincheaptha don úsáideoir a chur ar fáil i bhfíor-am (e.g. réada a aithint tríd an gceamara). Níl ach rochtain ilroinnte agus theoranta ag tríú páirtithe ar an bhfeidhmiúlacht sin faoi láthair, murab ionann agus Alphabet. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar Alphabet a áirithiú go mbeidh rochtain ag tríú páirtithe ar an ngné ar théarmaí comhionanna, lena n-áirítear i dtéarmaí cáilíochta sonraí, aga folaigh, sreafaí toilithe úsáideora, etc.

4.3. **Gnéithe le haghaidh gníomhaíochtaí ar aipeanna agus ar an OS**

(19) Le gníomhaíochtaí ar aipeanna agus ar an OS, ceadaítear do chúntóirí IS tascanna a dhéanamh ar aipeanna eile agus ar an gcóras thar ceann an úsáideora (e.g. Uber a chur in áirithe). Sonraítear sa Chinneadh bearta a bhaineann leis na gnéithe Google Android seo a leanas le haghaidh gníomhaíochtaí in aipeanna agus san OS:

(a) Comhtháthú struchtúrtha ar ghairis: cuireann an ghné seo ar a gcumas do chúntóirí IS gníomhaíochtaí a dhéanamh in aipeanna eile arna iarraidh sin don úsáideoir (e.g. ordú Uber). Faoi láthair, níl rochtain iomlán ag cúntóirí IS tríú páirtí arna suiteáil ag úsáideoirí ar an ngné. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar Alphabet rochtain chomhionann ar an ngné sin a áirithiú do thríú páirtithe agus soiléirítear ann nach mór a thuiscint go n-áirítear le rochtain chomhionann a áirithiú an fhéidearthacht do thríú páirtithe gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh in aipeanna Alphabet áirithe (e.g. Gmail. YouTube, Maps) trí chainéil chomhtháthaithe Google Android atá ann cheana agus atá faoi réir toiliú úsáideoirí.

(b) Uathoibriú scáileáin: fágann an ghné sin gur féidir le cúntóirí IS gníomhaíochtaí a dhéanamh ar aipeanna agus tascanna ilchéime a dhéanamh thar ceann an úsáideora sa chúlra, rud a chuireann ar a chumas don úsáideoir rud éigin eile a dhéanamh leis an ngaireas idir an dá linn. Faigheann Alphabet rochtain ar an ngné faoi láthair agus úsáideann sé í, ach ní féidir le cúntóirí IS tríú páirtí arna suiteáil ag úsáideoirí rochtain a fháil uirthi. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar Alphabet rochtain atá chomh héifeachtach céanna ar an ngné a áirithiú do thríú páirtithe.

(c) Comhtháthú córais: cuireann an ghné seo ar a gcumas do chúntóirí IS an córas oibriúcháin féin a chomhtháthú agus idirghníomhú leis thar ceann an úsáideora (e.g. socrú a athrú nó aip a oscailt). Tá rochtain iomlán ag Alphabet ar an ngné faoi láthair agus ní féidir le cúntóirí IS tríú páirtí arna suiteáil ag úsáideoirí ach rochtain a fháil ar shraith laghdaithe den chomhtháthú córais. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar Alphabet idir-inoibritheacht iomlán atá chomh héifeachtach céanna leis an ngné sin a chur ar fáil do thríú páirtithe.

4.4. **Gnéithe maidir le rochtain ar acmhainní**

(20) Cuireann acmhainní ar a gcumas do chúntóirí IS feidhmiú go maith agus chomh héifeachtach le Gemini de chuid Alphabet (e.g. rochtain ar shamhlacha IS atá ag rith ar an ngaireas le haghaidh eispéireas atá níos dírithe ar phríobháideachas). Sonraítear sa Chinneadh bearta i ndáil leis an rochtain seo a leanas atá ag Google Android ar ghnéithe acmhainní:

(a) Samhlacha ar ghairis ar leibhéal an chórais: is éard atá in samhlacha ar ghairis ar leibhéal an chórais samhlacha IS atá leabaithe ar an ngaireas agus a fheidhmíonn go díreach ar chrua-earraí an ghairis (e.g. Gemini Nano). Fágann sé sin gur féidir leis na samhlacha sin sonraí a phróiseáil ar ghairis (seachas ar an néal), rud a bhfuil buntáistí ag baint leis ó thaobh aga folaigh, infhaighteacht as líne agus príobháideachais de. Mar gheall ar theorainneacha ábhair, áfach, ní féidir ach líon teoranta samhlacha ar ghairis ar leibhéal an chórais a bheith ar ghaireas ar leith. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar Alphabet rochtain chomhionann a thabhairt do thríú páirtithe ar shamhlacha uile Alphabet ar ghairis ar leibhéal an chórais, mar atá ar fáil do sheirbhísí Alphabet féin, ionas gur féidir leo na samhlacha sin a úsáid freisin.

(b) Samhlacha a chur chun feidhme ar ghairis: cuireann an ghné sin ar a gcumas do sholáthraithe IS samhlacha IS a chur chun feidhme ar ghairis agus iad a úsáid dá n-aipeanna féin nó iad a thairiscint do sheirbhísí tríú páirtí (aipeanna eile). Braitheann an ghné ar bhloic thógála éagsúla (feidhmiúlachtaí), lena n-áirítear rochtain ar acmhainní crua-earraí, cumais rite cúlra nó an cumas samhlacha a chur ar fáil go lárnach d'aipeanna eile atá ar an ngaireas. Faoi láthair, tá rochtain ag samhlacha IS Alphabet ar fheidhmiúlachtaí nach bhfuil rochtain ag tríú páirtithe orthu go fóill. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar Alphabet rochtain chomhionann a thabhairt do thríú páirtithe ar na feidhmiúlachtaí sin ionas go mbeidh an cumas céanna acu samhlacha ar ghairis a chur chun feidhme agus a úsáid.

(c) Rith sa chúlra: leis an ngné seo, is féidir le haipeanna gníomhaíochtaí a dhéanamh sa chúlra, fiú mura bhfuil an t-úsáideoir ag féachaint go gníomhach ar an aip nó ag baint úsáid as an ngaireas. Tá sé ábhartha go háirithe maidir le cúntóirí IS, toisc go gcuireann sé ar a gcumas dóibh tascanna a uathoibriú agus cúnamh a thabhairt d'úsáideoirí trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh thar a gceann agus rud éigin eile á dhéanamh acu. Faoi láthair, níl cumais iomlána rite cúlra ach ag monaróirí gléasanna agus ag Alphabet féin. Leis an gCinneadh, ceanglaítear ar Alphabet a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann ag tríú páirtithe ar an ngné trí rialacha trédhearcacha, oibiachtúla, beachta agus neamh-idirdhealaitheacha a chur i bhfeidhm.

4.5. **Bearta maidir le gach gné**

(21) Chun éifeachtacht na mbeart thuasluaite a áirithiú, leis an gCinneadh ceanglaítear freisin ar Alphabet roinnt bearta breise de chineál ginearálta a chur chun feidhme. Áirítear orthu sin, mar shampla, oibleagáidí chun rochtain a thabhairt do thríú páirtithe ar nuashonruithe ar ghnéithe amach anseo. Bunaítear leis an gCinneadh freisin oibleagáidí tuairiscithe lena gcuirtear ar a chumas don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh éifeachtach tráthúil Alphabet.

(22) Déantar na bearta a shonrú a thuilleadh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh.

(23) Ní mór do Alphabet an chuid is mó de na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh a chur chun feidhme sa chéad mhóreisiúint Android eile, is é sin Android 18, agus faoin 1 Lúnasa 2027 ar a dhéanaí. Ní mór brath comhthráthach focal múscailte lenar féidir seirbhísí iomadúla a spreagadh trí orduithe gutha a chur chun feidhme in Android 19, agus faoin 1 Lúnasa 2028 ar a dhéanaí.

(24) Cé go dtugtar treoraíocht sa Chinneadh maidir leis na bearnaí idir-inoibritheachta nach mór aghaidh a thabhairt orthu agus go sonraítear ann na bearta chun é sin a dhéanamh, tá Alphabet fós i gceannas ar na réitigh nithiúla cur chun feidhme.

5. **CONCLÚID**

(25) Sonraítear sa Chinneadh bearta de bhun Airteagal 8(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha nach mór do Alphabet a chur chun feidhme i ndáil lena chóras oibriúcháin Google Android chun na hoibleagáidí faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha a chomhlíonadh go héifeachtach i ndáil le gnéithe áirithe de Google Android atá ar fáil do Alphabet nó a úsáideann Alphabet chun seirbhísí IS a thairiscint, laistigh de na sprioc-amanna a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh.